Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Márta 2019
(OR. en)

7631/1/19
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0040(COD)**

CODEC 702
UD 91

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a mhéid a bhaineann le síneadh ama a chur le húsáid idirthréimhseach a bhaint as bealaí eile seachas na teicnící próiseála sonraí leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 2 Márta 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1] faoi bhráid na Comhairle.

2. Ar an 13 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

[1] 6235/18.
[2] 7176/19.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 44/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Ísiltír agus an Liotuáin ag staonadh ón vótáil;

- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 agus in Aguisín 2 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin;

- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in Aguisín 1, mar aon leis an ngníomh reachtach, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.